



C/2023/1287

11.12.2023

**Iarraidh ar réamhrialú ón Symvoulío tis Epikrateias (an Ghréig) a taisceadh an 4 Meán Fómhair
2023 – Zougla G.R. AE v Ethniko Symvoulío Radiotileorasis (ESR)**

(Cás C-556/23, Zougla)

(C/2023/1287)

Teanga an cháis: an Ghréigis

An chúirt a rinne an tarchur

Symvoulío tis Epikrateias

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: Zougla G.R. AE

Cosantóir: Ethniko Symvoulío Radiotileorasis (ESR)

Na ceisteanna a tharchuirtear

- 1) An áirítear le cuspóirí Threoir (AE) 2010/13 ⁽¹⁾, arna leasú le Treoir (AE) 2018/1808 ⁽²⁾, agus mar sin raon feidhme na treorach: (a) urraim agus cosaint dhínit agus luach an duine mar dhuine daonna; agus (b) cosc a chur ar chraoladh inneachair atá táireach go cáilíochtúil ag soláthraithe seirbhíse teilifíse agus, go háirithe, ábhar a bhfuil tréithe an chraolta sin aige a bhfuil sa chás seo ag an gcuideachta is iarratasóir?
- 2) Ar an mbonn go bhfuil: a) an oibleagáid urraim agus cosaint dhínit agus luach an duine mar dhuine daonna; agus/nó (b) go dtagann toirmeasc ar chraoladh ábhair atá táireach go cáilíochtúil agus, go háirithe, ar ábhar a bhfuil tréithe an chraolta atá faoi chonspóid leis, faoi raon feidhme na Treorach, an bhfuil sé contrártha d'Airteagal 4(1) den Treoir, i dteannta le prionsabal na córa comhionainne atá cumhdaithe in Airteagail 20 agus 21 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go bhforchuirfear foráil náisiúnta na hoibleagáidí thuas ar gach soláthraí seirbhíse teilifíse seachas iad siúd a chraolann ábhar teilifíse ar an idirlíon amháin?
- 3) I gcás freagra dearfach ar an gcéad dá cheist: an cheart don údarás rialála náisiúnta, chun a áirithiú go bhfuil an treoir éifeachtach sa chleachtas, rialacha an dlí náisiúnta lena bhforchuirtear na hoibleagáidí i dtrácht a chur i bhfeidhm go neamh-idirdhealaitheach ar gach soláthraí seirbhíse teilifíse, cé go bhforáiltear sa dlí náisiúnta do na hoibleagáidí agus na pionóis chomhfhreagracha do gach soláthraí seirbhíse teilifíse eile, ach ní dóibh siúd a chraolann a n-inneachair go heisiach tríd an idirlíon, nó má ghearrtar pionóis riaracháin as sárú na n-oibleagáidí thuasluaite ag craoladh teilifíse ar an idirlíon, de bhua léiriú leathan nó cur i bhfeidhm analógach ar rialacha náisiúnta a bhaineann le seirbhísí teilifíse eile, ar neamhréir leis an bprionsabal *nullum crimen, nulla poena sine lege certa*, atá cumhdaithe sa chéad abairt d'Airteagal 49(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, i gcomhar le prionsabal na deimhneachta dlíthiúla?

⁽¹⁾ Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2010 maidir le comhordú forálacha áirithe a leagtar síos le dlí, le rialachán nó le gníomhaíocht riaracháin sna Ballstáit agus a bhaineann le seirbhísí meán ciosamhairc a sholáthar (Treoir Sheirbhísí na Meán Ciosamhairc) (IO 2010 L 95, lch. 1).

⁽²⁾ Treoir (AE) 2018/1808 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena leasaítear Treoir 2010/13/AE maidir le comhordú forálacha áirithe arna leagan síos le dlí, rialachán nó gníomh riaracháin i mBallstáit i dtaobh seirbhísí meán ciosamhairc a sholáthar (Treoir Sheirbhísí na Meán Ciosamhairc) i bhfianaise athruithe ar an margadh (IO 2018 L 303, lch. 69).

- 4) I gcás freagra diúltach ar an gcéad cheist agus má mheastar: a) go bhfuil oibleagáid ann urraim agus cosaint dhínit agus luach an duine mar dhuine daonna; agus/nó b) nach dtagann an toirmeasc ar chraoladh inneachair atá táireach go cáilíochtúil (agus, go háirithe, inneachar mar ábhar an chraolacháin atá i gceist) faoi raon feidhme na Treorach de réir bhrí Airteagal 4(1), i gcás ina bhforchuirtear le reachtaíocht Ballstáit oibleagáidí den sórt sin ar sholáthraithe seirbhísí teilifíse trí líonraí craolacháin trastíre, satailíte nó leathanbhanda, faoi bhagairt smachtbhannaí riaracháin, ach nach bhfuil rialacha coibhéiseacha inti maidir le soláthraithe seirbhísí teilifíse tríd an idirlíon: an bhfuil Airteagal 2(1) de Threoir 2010/13, mar atá sé faoi láthair, le léiriú mar a chiallaíonn go gceanglaítear ar an údarás inniúil náisiúnta breithniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht smachtbhannaí riaracháin a fhorchur mar gheall ar na rialacha sin a shárú freisin i ndáil le teilifís a tharchur le craoltaí tríd an idirlíon ar bhonn phrionsabal na córa comhionainne?
- 5) I gcás freagra dearfach ar an gceathrú ceist: an bhfuil feidhm gan idirdhealú ag oibleagáid an údaráis rialála náisiúnta, ar bhonn an méid sin roimhe seo agus ar bhonn léirmhínte ar an dlí náisiúnta atá i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh agus, go háirithe, le forálacha thuasluaite na Treorach, maidir le gach seirbhís teilifíse, beag beann ar a modh craolta, rialacha an dlí náisiúnta lena bhforchuirtear oibleagáidí den sórt sin ag luí leis an bprionsabal *nullum crimen, nulla poena sine lege certa* agus le prionsabal na deimhneachta dlíthiúla, ós rud é go bhfuil na hoibleagáidí sin, dá bhforáiltear sa dlí náisiúnta i gcás gach soláthróir eile seirbhísí teilifíse, mura bhfuil feidhm acu maidir le teilifís tríd an idirlíon?
-